RIALACHÁN (AE) 2022/1491 ÓN gCOIMISIÚN

an 8 Meán Fómhair 2022

lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a mhéid a bhaineann leis an gCaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Iúil 2002 maidir le cur i bhfeidhm na gcaighdeán idirnáisiúnta cuntasaíochta ([1]), agus go háirithe Airteagal 3(1) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ([2]) ón gCoimisiún, glacadh caighdeáin agus léirmhíniúcháin idirnáisiúnta chuntasaíochta áirithe a bhí ann cheana an 15 Deireadh Fómhair 2008.

(2) An 19 Samhain 2021, le Rialachán (AE) 2021/2036 ([3]) ón gCoimisiún, ghlac an Coimisiún *Conarthaí Árachais* an Chaighdeáin Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17 nua (IFRS) 17 arna n-eisiúint ag an mBord um Chaighdeáin Idirnáisiúnta Chuntasaíochta (IASB) i mBealtaine 2017 agus arna leasú aige i Meitheamh 2020. Beidh feidhm ag an gcaighdeán sin ón 1 Eanáir 2023 ar aghaidh. Ceadaítear cur i bhfeidhm níos luaithe.

(3) An 9 Nollaig 2021, d'fhoilsigh IASB leasú breise ar IFRS 17. Leis an leasú ar na ceanglais aistrithe in IFRS 17, fágann sé go mbeidh cuideachtaí in ann na difríochtaí aicmithe aonuaire maidir le faisnéis chomparáideach ón tréimhse tuairiscithe roimhe sin a shárú ar fheidhmiú tosaigh *Ionstraimí Airgeadais* IFRS 17 agus IFRS 9.

(4) Leis an bhforleagan roghnach a thugtar isteach leis an leasú sin, cuirtear ar chumas cuideachtaí úsáideacht na faisnéise comparáidí a mhéadú, faisnéis a chuirtear i láthair nuair a chuirtear IFRS 17 agus IFRS 9 i bhfeidhm den chéad uair. An raon feidhme sin, cumhdaítear leis sócmhainní airgeadais a bhaineann le dliteanais árachais, nach ndearnadh a athshonrú le haghaidh IFRS 9 go dtí seo.

(5) Tar éis dul i gcomhairle leis an nGrúpa Comhairleach Eorpach um Thuairisciú Airgeadais, chinn an Coimisiún maidir leis an leasú ar *Conarthaí Árachais* IFRS 17 go gcomhlíontar na critéir maidir leis an nglacadh mar a leagtar amach in Airteagal 3(2) de Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002.

(6) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 a leasú dá réir sin.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste Rialála Cuntasaíochta,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

San Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008, leasaítear *Conarthaí Árachais* Chaighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais (IFRS) 17 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

([1]) IO L 243, 11.9.2002, lch. 1.

([2]) Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 ón gCoimisiún an 3 Samhain 2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 320, 29.11.2008, lch. 1).

([3]) Rialachán (AE) 2021/2036 ón gCoimisiún an 19 Samhain 2021 lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1126/2008 lena nglactar caighdeáin áirithe idirnáisiúnta chuntasaíochta i gcomhréir le Rialachán (CE) Uimh. 1606/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Caighdeán Idirnáisiúnta um Thuairisciú Airgeadais 17 (IO L 416, 23.11.2021, lch. 3).

Airteagal 2

Ní féidir le cuideachtaí an leasú dá dtagraítear in Airteagal 1 a chur i bhfeidhm ach amháin maidir le *Conarthaí Árachais* IFRS 17 agus *Ionstraimí Airgeadais* IFRS 9.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 8 Meán Fómhair 2022.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

IFRS 17 agus IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair – Faisnéis Chomparáideach

Leasú ar IFRS 17

Leasú ar IFRS 17 *Conarthaí Árachais*

Cuirtear míreanna C2A, C28A–C28E, C33A mar aon leis an gceannteideal roimh mhír C28A leis. Is ar mhaithe le léitheoireacht a éascú nach ndearnadh na míreanna sin a fholíniú.

Foscríbhinn C

Dáta éifeachtach agus aistriú

...

DÁTA ÉIFEACHTACH

...

C2A Le *IFRS 17 agus IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair—Faisnéis Chomparáideach*, arna eisiúint i mí na Nollag 2021, cuireadh míreanna C28A–C28E agus C33A leis. Eintiteas a dhéanann rogha mír C28A–C28E agus C33A a chur i bhfeidhm, déanfaidh sé iad a chur i bhfeidhm tráth a dhéantar IFRS 17 a chur i bhfeidhm den chéad uair.

AN tAISTRIÚ

...

Faisnéis Chomparáideach

...

Eintitis a dhéanann IFRS 17 agus IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair san am céanna

C28A Eintiteas a dhéanann IFRS 17 agus IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair san am céanna, ceadaítear dó míreanna C28B–C28E (forleagan aicmiúcháin) a chur i bhfeidhm chun faisnéis chomparáideach a chur i láthair maidir le sócmhainn airgeadais i gcás nach mbeadh an fhaisnéis chomparáideach i leith na sócmhainne airgeadais sin athshonraithe le haghaidh IFRS 9. Ní athshonrófar faisnéis chomparáideach maidir le sócmhainn airgeadais le haghaidh IFRS 9 más amhlaidh go roghnaíonn an t-eintiteas gan tréimhsí roimhe sin a athshonrú (féach mír 7.2.15 de IFRS 9), nó go n-athshonraíonn an t-eintiteas tréimhsí roimhe sin cé gur dí-aithníodh an tsócmhainn airgeadais le linn na dtréimhsí roimhe sin (féach mír 7.2.1 de IFRS 9).

C28B An t-eintiteas a chuireann an forleagan aicmiúcháin i bhfeidhm i leith sócmhainn airgeadais, léireoidh sé an fhaisnéis chomparáideach amhail is go mbeadh ceanglais aicmiúcháin agus tomhais IFRS 9 curtha i bhfeidhm i leith na sócmhainne airgeadais sin. Úsáidfidh an t-eintiteas faisnéis leordhóthanach iontaofa a bheidh ar fáil ar dháta an aistrithe (féach mír C2(b)) chun ionchas an eintitis a chinneadh maidir leis an ndóigh a ndéanfaí an tsócmhainn airgeadais a aicmiú agus a thomhas tráth a dhéantar IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair (mar shampla, d'fhéadfadh eintiteas réamh-mheasúnuithe a úsáid, réamh-mheasúnuithe arna ndéanamh mar ullmhúchán chun IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair).

C28C Agus forleagan aicmiúcháin á chur i bhfeidhm i leith sócmhainn airgeadais, ní cheanglaítear ar eintiteas na ceanglais bhearnúcháin i Roinn 5.5 de IFRS 9 a chur i bhfeidhm. Más amhlaidh, bunaithe ar an aicmiúchán arna chinneadh agus mír C28B á cur i bhfeidhm, go mbeadh an tsócmhainn airgeadais faoi réir na gceanglas bearnúcháin i Roinn 5.5 de IFRS 9 ach nach gcuireann an t-eintiteas na ceanglais sin i bhfeidhm agus an forleagan aicmiúcháin á chur i bhfeidhm aige, leanfaidh an t-eintiteas d'aon mhéid a léiriú, méid arna aithint i ndáil le bearnúchán le linn na tréimhse roimhe sin i gcomhréir le IAS 39 *Ionstraimí Airgeadais: Aitheantas agus Tomhas*. Ina mhalairt de chás, déanfar aon mhéid den sórt sin a chlárú.

C28D Aon difríocht idir an tsuim ghlanluacha de shócmhainn airgeadais ar dháta an aistrithe agus an tsuim ghlanluacha roimhe sin, difríocht a d'fhéadfadh a bheith ann de thoradh mhíreanna C28B–C28C a chur i bhfeidhm, aithneofar í sa tuilleamh coimeádta tosaigh (nó i gcomhchuid chothromais eile, de réir mar is iomchuí) ar dháta an aistrithe.

C28E Eintiteas a chuireann míreanna C28B–C28D i bhfeidhm, déanfaidh sé an méid a leanas:

(a) faisnéis cháilíochtúil a nochtadh, faisnéis a chuirfidh ar chumas úsáideoirí ráiteas airgeadais an méid a leanas a thuiscint:

(i) a mhéad is a cuireadh an forleagan aicmiúcháin i bhfeidhm (mar shampla, cé acu a cuireadh nó nár cuireadh i bhfeidhm é i leith na sócmhainní airgeadais go léir a dí-aithníodh le linn na tréimhse comparáidí);

(ii) cé acu a cuireadh nó nár cuireadh na ceanglais bhearnúcháin i Roinn 5.5 de IFRS 9 i bhfeidhm (féach mír C28C), agus i gcás gur cuireadh i bhfeidhm iad; a mhéad agus a cuireadh i bhfeidhm iad;

(b) gan na míreanna sin a chur i bhfeidhm ach i leith na faisnéise comparáidí le haghaidh tréimhsí tuairiscithe idir dáta an aistrithe chuig IFRS 17 agus an dáta ar a ndéantar IFRS 17 a chur i bhfeidhm den chéad uair (féach míreanna C2 agus C25); agus

(c) ar an dáta ar a ndéantar IFRS 9 a chur i bhfeidhm den chéad uair, ceanglais an aistrithe in IFRS 9 a chur i bhfeidhm (féach Roinn 7.2 de IFRS 9).

...

C33A I gcás sócmhainn airgeadais arna dí-aithint idir dáta an aistrithe agus an dáta ar a ndéantar IFRS 17 a chur i bhfeidhm den chéad uair, is féidir leis an eintiteas míreanna C28B–C28E (an forleagan aicmiúcháin) a chur i bhfeidhm chun faisnéis chomparáideach a léiriú amhail is gur cuireadh mír C29 i bhfeidhm i leith na sócmhainne sin. I gcás mar sin ba cheart don eintiteas ceanglais mhíreanna C28B–C28E a choigeartú le go mbeadh an forleagan aicmiúcháin bunaithe ar ionchas an eintitis maidir leis an dóigh a ndéanfaí an tsócmhainn airgeadais a ainmniú tar éis mír C29 a chur i bhfeidhm ar an dáta ar a ndéantar IFRS 17 a chur i bhfeidhm den chéad uair.